Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026
(OR. en)

5219/26

LIMITE

CORLX 28
CFSP/PESC 38
COARM 9
COAFR 7
FIN 27

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/101/CBES[1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar Chinneadh 2011/101/CBES, measann an Chomhairle gur cheart na forálacha maidir leis an toirmeasc taistil agus reo sócmhainní, chomh maith leis an toirmeasc gaolmhar ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, a scriosadh agus gur cheart an teideal a leasú chun a léiriú nach n-áirítear sa chreat ach trádbhac arm.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart síneadh a chur le Cinneadh 2011/101/CBES go dtí an 20 Feabhra 2027. Ba cheart don Chomhairle leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid pholaitiúil agus slándála sa tSiombáib agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na bearta sin i bhfianaise forbairtí.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/101/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/101(1)/oj.

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

> ‘Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 a bhaineann le trádbhac arm i bhfianaise na staide sa tSiombáib’;

(2) scriostar Airteagail 4, 5, 6 agus 7;

(3) in Airteagal 10(2), cuirtear ‘an 20 Feabhra 2027’ in ionad an dáta ‘an 20 Feabhra 2026’;

(4) scriostar Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC